Díoth ollamh easbhuidh Laighean

[Pádraig Ó Macháin, ‘Bás File’, *Éigse* 27, 101-114]

1  Díoth ollamh easb*h*uidh Laighean,
fuil na sean nár sáruigheadh,
fearchoin a fódmhuigh na bhFionn,
dearbhthair ó ógbhuidh Éirionn.

2  A-táid riamh fa ró m*h*odha,
an eaglais ’s an ealadha,
an daighríoghradh dár dhual cion,
ag sluagh lainnlíonmhur Laighean.

3  Tugadar Clann Chathaoir Mhóir,
céim do uaisligh a n-onóir,
i Laig*h*nibh roinn is rogha
do C*h*loinn ainm*h*ir Eochadha.

4  Clann Chathaoir nár c*h*laon breatha,
díobh a mhná ’s a máithreacha,
do shlonnadh na fola is fearr,
rogha ollamh na hÉireann.

5  Tugadh tús cuilte is corma,
i n-onóir a n-ealadhna,
ón druing do fhóir a n-aicme,
dhóibh [............................]

6  Clann Eochadha, taobh re taoibh,
fuaradar ó Chloinn Chathaoir
sgath na n-iolmhaoineadh dob f*h*earr,
tar chath f*h*ionnGhaoidheal nÉirionn.

7  Gach onóir dá n-uairsiod riamh
a-tá a-nois - aimsior imchian -
’ga n-ollamhnoibh soir, ó soin,
i moigh t*h*romabhluigh T*h*uathail.

8  Siad ar a síoth fa slána
do chosg t*h*rod is teagmhála,
do chonnmhadh cách re-roile
i ráth fhonnghlan Úghaine.

9  Tarrla dhóibh, laochradh Laighean
- tearc treise nach turnfuidhear -
dream do c*h*omhmholadh a gceart,
earr a n-ollomhan d’imtheacht.

10 Is é an Té do-ní gach ní
tug do Thomás mhac Ruaidhrí
- fear na séad mbuaidh ’s a mbronnta -
éag i n-uair a fhoghanta.

11 Mór don [...]soin do fhásuigh
ón ló teasda an Tomássoin,
file míneang ó Mogha,
fírearr fhine Eochadha.

12 Do laghduigh a méid mheanma,
ríog*h*raidh na rún naitheardha,
laoich éachtmhora fa mó modh,
do chló céadfadha a gcuradh.

13 Rug orra easbhaidh ana
do bhás mheic Mheic Eochadha,
fear fa teann d’airrdhibh ortha:
Laighnigh gan c*h*eann gconnartha

14 i gcongmháil cháich re chéile,
i n-ionnarbadh aigmhéile,
i ríomh sean na slógh Laighneach,
i gclódh cean na gcomhairleach.

15 Mó sa chách fás a bhfaladh
ó easb*h*uidh a n-ollamhan;
mian cean gach éanlá orra:
téarná fear a bhfoghlama.

16 Siad ag fadódh a bhfeirge,
gar dhóibh déanamh dibheirge,
cur síoth mar sin gan slána,
do dhíoth fhir a n-eadrána.

17 Fagas dóibh déanamh foghla
ar n-éag dá n-aos ealadhna;
gan bhádh n-éinfhir rer-oile
fa chlár gcéillidh gConaire.

18 Cnuic áille íochtair Laighean
giodh iomlán do hátaigheadh,
cách re héanlá do fhásoigh
an tráth téarná an Tomássoin.

19 Fa síothach riamh a dtaobh theas
go dtorchair Torna Éigeas;
an lá táir ón taoibh theassa,
do sgaoil báidh a mbráithreasa.

20 Go dtorchair Mac Coise ó Chluain,
do shíodhuigh chách sa C*h*raobhruaidh;
Mac Coise, an dtráigh a thuile? -
táir loise na laochraidhe.

21 Síol mBriain do bhádar mar soin
Mac Liag an lá fá dtorchair:
Síol dTáil fa tréad gan toradh,
táir fa éag a n-ollamhan.

22 Tarla Clann C*h*arrthaigh Chaisil
treim*h*si ar an gcor gcéadnaisin
nár slonnadh fa Chliaigh a gceart
i ndiaidh a n-ollam*h* dh'imtheacht.

23 Tír gan ollamhuin innte
ní bhí gan bhuaidh n-aidhmillte;
a-tá sé i ndán mar dhleag*h*ar,
gá dtám gan é d'f*h*oillsiughadh?

24 Críoch Laighean - leór do thuisle -
díoth ollamh a heasbhuidhse
a tairthe mar fríoth folamh,
an chríoch dh'aithle a hollamhan.

25 Ní ísligh sreabh dá sreabhoibh,
ní arduigh ioth dh'oireamhoin,
bláth feadh gan tairthe tarrla,
gan aithne ar fhear n-ealadhna.

26 Do mhéaduigh mímheanma a mban,
do íslig*h* uaill a gcuradh,
a bhfeadhma ar gcúl do cuireadh,
dealb*h*a a ndúl do dorchuigheadh.

27 Dob áluinn, gur athruigh dreach,
niamh a gcúirteadh 's a gcaithreach
nó gur t*h*riall dul i nduibhe
niamh a mbrugh 's a mbanchuire.

28 Niamh chrotha chúigidh Laighean
le hurchra gur hathroigheadh
- fonn cneasbhán cheileas a locht -
leigheas easlán 'na hamhorc.

29 Tomás mac Ruaidhrí, rún sgol,
is iongnadh cor na cumhadh:
fir is mná i gciaigh do cuireadh,

lá ’na dhiaidh do dorchuigheadh.

30 Mo chompán, mo chré cheiníl,
imtheacht d’oighre Eibhilín
is críoch don chroidhe thinnse:
díoth oile ní áirmhimse.

31 Tar gach n-éanpháis dá n-uair sin
dár gceannaichne, Rí an ríchidh,
sleagh ’na chíogh dá car chuige,
a díol damh ní docruide.  D I O T H  OLL A I MH